Tionscal na hiascaireachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tionchar a bheidh ag na cainteanna trádála, idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach, ar thionscal na hiascaireachta. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- disagreeing
- to catch (fish)
- load
- mackerel
- prawns
- crabs
- like, equal
- foreign workers
- fish processing industry
- crucial, decisive meeting
- the two groups, bodies of people

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin agus John Ó Briain?

Cén leagan de na frásaí/focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír?

- timpeall _____
- aon rud _____
- más féidir _____
- in ann _____
- ní féidir le _____
- rialacha nua _____

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil uiscí na Breataine an-tábhachtach d'iascairí na hÉireann?

2. Deir John Ó Briain go gcuirfear iascaireacht na gcrúbóg faoi bhrú má chuirfear cosc ar iascaireacht i bhfarraigí na Breataine. Cén fáth?

3. Cén fáth a bhfuil dóchas ag iascairí, mar sin féin?

4. Cén fáth ar luadh oibrithe eachtracha sa mhír?

5. Cá huair a bheidh an cruinniú?

Ceist 4 '…Tá dóchas ag iascairí anseo nach mbeidh an Bhreatain ábalta srian a chur orthu …'

A. Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis an bhfocal a bhfuil líne faoi sa sampla thuas?

B. Féach ar na samplaí thíos agus freagair na ceisteanna:

*Sin iad na daoine **a** théann ag seoltóireacht gach deireadh seachtaine.*
*Sin iad na daoine **nach** dtéann ag seoltóireacht gach deireadh seachtaine.*

*Sin an cailín **a** bheidh ag an gcóisir an deireadh seachtaine seo.*
*Sin an cailín **nach** mbeidh ag an scoil amárach.*

(1) Roinn gach abairt thuas in dhá abairt.
(2) Athscríobh an dá abairt dheiridh thuas anois san aimsir chaite.

Ceist 5 '…an dá thaobh…' agus '…an dá dhream…'

Aistrigh go Gaeilge:

- the three chairs _____
- the eight tables _____
- the one glass _____
- the seventeen cups _____
- the two big dogs _____
- the six bags _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil dúil agat féin san iasc?
2. Cé chomh tábhachtach is atá tionscal na hiascaireachta in Éirinn?
3. An bhfuil tionscal na hiascaireachta in Éirinn inbhuanaithe, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
disagreeing – *ag easaontú*
to catch (fish) – *ceap*
load – *lastas*
mackerel – *murlas (murlasc a dúradh sa mhír)*
prawns – *cloicheáin*
crabs – *crúbóga*
like, equal – *macasamhail*
foreign workers – *oibrithe eachtracha*
fish processing industry – *tionscal próiseála éisc*
crucial, decisive meeting – *cruinniú cinniúna*
the two groups, bodies of people – *an dá dhream*

Ceist 2
Canúint Uladh

timpeall	*thart fá (faoi)*
aon rud	*a dhath ar bith*
más féidir	*má thig*
in ann	*ábalta*
ní féidir le	*cha dtig le*
rialacha nua	*rialacha úra*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
An clásal coibhneasta díreach. Bíonn níos mó ná clásal amháin in abairtí go minic. Tugann an clásal coibhneasta tuilleadh eolais faoin gclásal a thagann roimhe. Baintear úsáid as an mír choibhneasta (e.g. ‘a’) chun na clásail sin a cheangal le chéile. Féach an sampla sa cheist a bhfuil an mhír choibhneasta i gcló trom ann, agus líne faoi. Tá an mhír choibhneasta ag oibriú mar chónasc nó mar dhroichead idir an dá chlásal.

Sin iad na daoine. Téann siad ag seoltóireacht gach deireadh seachtaine.
Sin iad na daoine. Ní théann siad ag seoltóireacht gach deireadh seachtaine.

Sin an cailín. Beidh sí ag an gcóisir an deireadh seachtaine seo.
Sin an cailín. Ní bheidh sí ag an scoil amárach.

Sin an cailín a bhí ag an gcóisir an deireadh seachtaine seo caite.
Sin an cailín nach raibh ag an scoil inné.

Ceist 5

the three chairs	*na trí chathaoir*
the eight tables	*na hocht mbord*
the one glass	*an t-aon ghloine amháin*
the seventeen cups	*na seacht gcupán déag*
the two big dogs	*an dá mhadra mhóra*
the six bags	*na sé mhála*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Anois, d'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag na cainteanna trádála atá tosaithe idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach ar thionscal na hiascaireachta sa tír seo. Tá an dá thaobh ag easaontú cheana féin ar an gceist. Tá farraigí na Breataine an-tábhachtach d'iascairí na hÉireann.

Ailbhe Ó Monacháin
I bhfarraigí na Breataine a cheapann trálaeir iascaireachta na tíre seo 30% dá lastas iomlán. Mar chuid de sin tá thart faoi 60% de mhurlais agus 40% dá gcuid cloicheán. Inniu, agus tús curtha le naoi mí de chainteanna trádála idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach, tá iascairí na tíre seo ag coinneáil súil ghéar ar chúrsaí.

John Ó Briain, Iascaire Cloicheán, Co. Dhún na nGall
Má chuirfear cosc ar bhádaí[1] na gCealla Beaga nó ar bhádaí na hÉireann a gcuid murlasc[2] a thógáil istigh in uisce na Sasana[3], bheadh sé, sílim go gcuirfeadh sé deireadh leis an tionscal sin. Agus ansin an buille is mó a bheadh orainne, macasamhail iascairí crúbóige anseo ar chósta Dhún na nGall… má chuireann tú daoine amach as seort[4] amháin iascaireachta, bogann siad isteach sa chéad rud eile. Agus, san am i láthair níl cuóta nó a dhath ar bith ar iascaireacht na gcrúbóg[5] agus má thig teannas ar bith i seort ar bith iascaireachta eile, is é sin an rud a dtéann siad uilig isteach ann.

Ailbhe Ó Monacháin
Tá dóchas ag iascairí anseo nach mbeidh an Bhreatain ábalta srian a chur orthu a bheith istigh ina bhfarraigí agus ag an am céanna cead a bheith ag an Bhreatain iasc a dhíol i margaí Eorpacha. Chomh maith leis sin, aithnítear go forleathan gur oibrithe eachtracha is mó atá fostaithe sa tionscal próiseála éisc sa Bhreatain agus go mbeidh an tír sin ag brath orthu seo i gcónaí.

John Ó Briain, Iascaire Cloicheán, Co. Dhún na nGall
Mheasfainn féin nach mbeidh mórán athraithe ar rudaí ag deireadh an lae, *because*, cha dtig le Sasana an dá rud a bheith acu. Macasamhail bhádaí na gcrúbóg atá acu agus bádaí an éisc ghil, níl *lads* óga na Sasana nó na hAlban ag dul amach ag déanamh an obair chrua atá le bheith déanta amuigh ar na bádaí sin agus tá siad ag brath go hiomlán ar na daoine a theacht isteach as an Laitvia agus as na Philipinnes[6] agus na háiteanna sin.

Ailbhe Ó Monacháin
Tá cruinniú cinniúnach le bheith idir an dá bhloc i mí an Mheithimh agus súil go mbeidh dul chun cinn maith déanta faoin iascaireacht agus faoi airgeadas. Tuigeann an dá dhream gur rialacha úra atá i gceist, ach i ndiaidh Brexit, go bhfuil na tailte iontach difriúil.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4

[1] *báid* an leagan caighdeánach
[2] *murlas* an leagan caighdeánach
[3] *Shasana* an leagan caighdeánach
[4] *sórt* an leagan caighdeánach
[5] *na gcrúbóige* a dúradh
[6] *na hOileáin Fhilipíneacha* an leagan caighdeánach